AN CHOMHAIRLE EORPACH

An Bhruiséil, 20 Aibreán 2011 (27.04)
(OR. en)

EUCO 7/1/11
REV 1

CO EUR 5
CONCL 2

**NÓTA CUMHDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Na toscaireachtaí |
| Ábhar: | **CRUINNIÚ URGHNÁCH DEN CHOMHAIRLE EORPACH 11 Márta 2011**<br><br>**DEARBHÚ** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an Dearbhú a glacadh ag an gCrúinniú Urghnách den Chomhairle Eorpach (11 Márta 2011).

---

# DEARBHÚ ÓN gCOMHAIRLE EORPACH

1. Tháinig an Chomhairle Eorpach le chéile i seisiún urghnách inniu le plé a dhéanamh ar chúrsaí sa Libia agus i réigiún Chomharsanacht an Deiscirt agus leis an treoir pholaitiúil agus na tosaíochtaí polaitiúla a leagan amach don bheartas a bheidh ag an AE agus don ghníomhaíocht a dhéanfaidh an AE amach anseo.

2. Tá athrú mór millteach tagtha ar Chomharsanacht an Deiscirt leis na héirithe amach daonlathacha atá ar siúl ansin, athrú ar díol dóchais é agus a thugann deis do dhaoine todhchaí a thógáil dóibh féin a bheidh bunaithe ar an daonlathas, ar an iolrachas, ar an smacht reachta, ar chearta an duine agus ar an gceartas sóisialta. Tá an dul chun cinn agus an daonlathas fite fuaite lena chéile. Tréaslaíonn an Chomhairle Eorpach a misneach le muintir an réigiúin sin agus dearbhaíonn sí an athuair gur faoi na daoine sin atá sé a dtodhchaí a chinneadh, go síochánta agus go daonlathach.

3. Ní mór do thíortha uile an réigiúin tabhairt faoin athchóiriú polaitiúil agus eacnamaíoch, nó dlús a chur leis. Tabharfaidh an tAontas Eorpach tacaíocht do gach céim a dhéanfar ar son an athraithe dhaonlathaigh, do chórais pholaitiúla a cheadaíonn an t-athrú síochánta, don fhás agus don rathúnas eacnamaíoch, do bhuntáistí na feidhmíochta eacnamaíche a roinnt ar bhealach níos comhréirí. Sa chomhthéacs sin, cuireann an Chomhairle Eorpach fáilte chroíúil roimh an bhfógra ó Rí Mharacó coiste comhairleach a bhunú chun athbhreithniú ar an mbunreacht a ullmhú a bheidh le cur isteach lena fhormheas ag muintir Mharacó. Beidh an dul chun cinn a dhéanfaidh na comhpháirtithe i dtreo athraithe taobh thiar de thacaíocht an AE. Ós rud é go bhfuil sé ar cheann de na príomhchuspóirí institiúidí fuaimintiúla daonlathacha a fhorbairt, tá sé fíorthábhachtach go gcuirfí leis na naisc pharlaiminteacha atá idir an Eoraip agus an réigiún.

4. Maidir leis an Túinéis, is cúis áthais don Chomhairle Eorpach a chloisteáil go mbeidh toghcháin do thionól bunreachta ann an 24 Iúil 2011. Tá an AE faoi réir leis an tacaíocht a theastaíonn a thabhairt ina leith sin, lena n-áirítear trí ard-stádas a thabhairt don Túinéis, i ndlúthchomhairle le húdaráis na Túinéise. A luaithe a bheidh údaráis na Túinéise réidh, tá an AE sásta tacaíocht a chur ar fáil le go rachfar i ngleic leis na dúshláin eacnamaíocha agus leis na dúshláin shóisialta atá roimh an Túinéis. Rachaidh an tAontas Eorpach go deireadh na feide leis seo, le go bhféadfar an fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta a chur chun cinn. Tá ardmholadh agus tacaíocht dlite do mhuintir na Túinéise as seasamh leis na daoine a tháinig ar a dteitheadh as an Libia.

5. Tacaíonn an Chomhairle Eorpach le tonnchruthú an daonlathais san Éigipt. Fáiltíonn sí roimh na tograí tosaigh le haghaidh an bunreacht a leasú, tograí a cuireadh ar fáil go luath, agus d'áiteodh sí ar údaráis na hÉigipte coinneáil orthu leis an tiomantas atá taispeáinte acu don athchóiriú polaitiúil agus timpeallacht a chothú ina mbeidh áit do thonnchruthú an daonlathais, lena n-áirítear trí dheireadh a chur leis an staid éigeandála. Tá an tAontas Eorpach réidh le lántacaíocht a thabhairt, de réir na dtosaíochtaí atá leagtha amach ag muintir na hÉigipte, agus tá sé tosaithe ar an bplé le rialtas nuacheaptha na hÉigipte.

6. Is údar mór imní fós iad cúrsaí mar atá sa Libia. Seasaimid go dlúth le muintir na Libia agus leis na híospartaigh sa Libia. Cáinimid go géar an chos ar bolg atá á déanamh ag réimeas na Libia ar shaoránaigh na tíre agus an sárú gan náire atá á dhéanamh go córasach ar a gcearta daonna. Fáiltímid roimh Rún 1970 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus is maith linn gur cuireadh cás na Libia os comhair na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta. Níl sé inghlactha an lámh láidir a úsáid, go mór mór agus airm á n-úsáid, ar shibhialtaigh agus caithfear stop a chur leis seo láithreach. Caithfear a chinntiú, bealach ar bith ar féidir, go dtiocfaidh na daoine slán. Cuireann an Chomhairle Eorpach in iúl gur údar mór imní iad na hionsaithe in aghaidh sibhialtach, lena n-áirítear ionsaithe ón aer. D'fhonn an pobal sibhialta a chosaint, scrúdóidh na Ballstáit na roghanna riachtanacha ar fad, ar choinníoll go bhfuil géarghá inléirithe, bunús dlí soiléir agus tacaíocht ón réigiún ann. An dream atá taobh thiar de seo, tabharfar os comhair an dlí iad agus íocfaidh siad go daor as. Oibreoimid leis an Náisiún Aontaithe, le Léig na nArabach, le hAontas na hAfraice, agus lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta chun an ghéarchéim a fhreagairt. Iarraimid go dtionólfar cruinniú mullaigh gan mhoill idir Léig na nArabach, Aontas na hAfraice, agus an tAontas Eorpach.

7. Caithfidh an Cornal Kadhafi scaoileadh leis an gcumhacht láithreach. Tá dlisteanacht caillte ag a réimeas anois agus ní comhchainteoir don AE é a thuilleadh. Tá bearta sriantacha glactha ag an Aontas Eorpach in aghaidh cheannairí na tíre agus in aghaidh na n-eintiteas a bhfuil sócmhainní móra acu atá faoi smacht an réimis agus tá sé faoi réir le tuilleadh smachtbhannaí a ghlacadh.

8. Is é an cuspóir go ndéanfaidh an Libia aghaidh a thabhairt go beo ar an daonlathas trí phlé leathan a dhéanamh. Fáiltíonn an tAontas Eorpach roimh an gcomhairle náisiúnta idirthréimhseach eatramhach atá bunaithe in Benghazi, a mheasann sé a bheith ina chomhchainteoir polaitiúil, agus déanann sí an chomhairle sin a spreagadh. Tá an tAontas Eorpach faoi réir chun cabhrú leis an Libia stát bunreachtúil a thógáil agus chun smacht reachta a fhorbairt. Tá sé réidh le freagairt a thabhairt ar iarratais ó mhuintir na Libia chun cos i dtaca a thabhairt le geilleagar na Libia a athbheochan.

9. Is mór an t-údar imní í an éigeandáil dhaonnúil atá ag tarlú sa Libia agus ar theorainneacha na Libia agus, mar bharr ar an donas, tá daoine ag teitheadh ina dtáinrith ar imirce de bharr na n-imeachtaí. Tá sé fós mar thosaíocht againn a áirithiú go n-aslonnófar saoránaigh an AE agus na daoine eile a bhfuil fonn orthu teitheadh ón troid. Tá cabhair dhaonnúil á cur ar fáil ag an Aontas Eorpach agus ag na Ballstáit agus tá sé tiomanta do thuilleadh cúnaimh a thabhairt do dhaoine sa Libia agus do dhaoine a bheidh ag dul thar teorainn le himeacht as an tír sin, i ndlúthchomhar le hArd-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe, leis an Oifig um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla, leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce, le Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge / Cónaidhm Idirnáisiúnta Chumann na Croise Deirge agus Chumann an Chorráin Dheirg agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha. Iarrann an tAontas Eorpach ar na comhpháirtithe uile cead isteach a thabhairt do ghníomhaireachtaí agus d'oibreoirí an chúnaimh dhaonnúil, pé limistéar a mbeidh cabhair ag teastáil agus tá sí faoi réir le tacaíocht a thabhairt d'obair na ngníomhaireachtaí sin. Chun na críche sin, feabhsóidh an tAontas Eorpach comhordú chun úsáid éifeachtach, chomhtháite na sócmhainní agus na gcumas a chur ar fáil, ag teacht le prionsabail dhaonnúla.

10. Caithfimid seasamh, le beart agus le briathar, leis na Ballstáit is mó atá thíos leis an imirce. Tá an tAontas Eorpach agus na Ballstáit faoi réir leis an tacaíocht is gá a chur ar fáil de réir mar a thagann cor ar an gcás. Coinneoidh an AE súil ghéar ar an tionchar a bheidh ag imeachtaí ar an imirce, i gcás daoine taobh istigh den réigiún agus daoine as tír isteach, rud atá á dhéanamh go gníomhach aige cheana féin, go mór mór trí oibríocht Frontex Hermes 2011. Tathantaímid ar na Ballstáit, go háirithe, breis acmhainní daonna agus tuilleadh acmhainní teicniúla a thabhairt do Frontex, de réir mar a theastóidh. Iarrtar ar an gCoimisiún breis acmhainní a chur ar fáil. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar chomhaontú gan mhoill a dhéanamh maidir leis an rialachán lena gcuirtear le cumas na gníomhaireachta.

11. Rachaidh an tAontas Eorpach i gcomhairle le tíortha an réigiúin lena mbaineann maidir le tacaíocht airgeadais agus tacaíocht theicniúil le feabhas a chur ar an gcaoi a ndéantar rialú agus bainistiú ar theorainneacha agus maidir le bearta lena bhféadfaí imircigh a chur ar ais go dtí na tíortha tionscnaimh ar tháinig siad astu. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile teacht le chéile gan mhoill. Thairis sin, iarrtar ar an gComhairle, i gcomhar leis an gCoimisiún, plean a chur isteach as seo go dtí go mbeidh Comhairle Eorpach mhí an Mheithimh ann, maidir leis an gcaoi a bhféadfaí stiúir a fháil ar an imirce agus ar shreabha na ndídeanaithe.

12. Ba cheart cur chuige cuimsitheach a chur chun cinn i leith na himirce, a bheidh comhsheasmhach le Cur Chuige Domhanda an AE. Sa chomhthéacs seo, caithfidh an tAontas Eorpach freisin freagairt do dhúshlán na soghluaisteachta agus an teagmháil idir dhaoine a chur chun cinn, agus ionstraimí ar nós na gcomhpháirtíochtaí soghluaiseachta á n-úsáid aige leis na comhpháirtithe sin a bhfuil dóthain dul chun cinn déanta acu i bpróisis a n-athchóirithe, agus an gháinneáil ar dhaoine agus an imirce neamhdhlíthiúil a chomhrac. Iarrtar ar an gCoimisiún tograí a dhéanamh chun malartuithe a spreagadh idir ógánaigh Eorpacha agus ógánaigh na Meánmhara Theas.

13. Ar leibhéal níos ginearálta, déanfar athbhreithniú go tapa ar na cláir comhpháirtíochta agus cúnaimh atá ann cheana féin, go háirithe i ndlúthpháirtíocht lenár gcomhpháirtithe sa réigiún, le gur fearr a bheifear in ann díriú ar na riachtanais atá ann faoi láthair. Sa chomhthéacs seo, ba cheart don Choimisiún agus don Ardionadaí tús áite a thabhairt do chur chuige a bheadh tírbhunaithe agus feidhmíochtbhunaithe.

14. Ag breathnú ar an meántéarma, tá an Chomhairle Eorpach ag iarraidh go rachfaí i mbun comhpháirtíochta nua leis an réigiún, mar a dúirt sí sa dearbhú a rinne sí an 4 Feabhra 2011. Sa chomhthéacs seo, cuireann sí fáilte mhór roimh an teachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí lena moltar Comhpháirtíocht um Dhaonlathas agus Rathúnas Comhroinnte in éineacht leis an Meánmhuir Theas a bheidh bunaithe ar chur chuige difreálaithe, dreasachtbhunaithe a thabharfadh le chéile ionstraimí uile an AE. Ba cheart go mbeadh an chomhpháirtíocht sin bunaithe freisin ar lánpháirtíocht fhodhomhain eacnamaíoch, ar rochtain níos leithne ar an margadh agus ar dhlúthchomhar polaitiúil. Iarrann sí ar an gComhairle scrúdú a dhéanamh láithreach ar na moltaí atá sa teachtaireacht agus go háirithe na coinníollacha faoina bhféadfadh an AE a chuid tacaíochta lena gcomhpháirtithe a fheabhsú. Tá sí ag súil go mór leis an teachtaireacht atá le teacht uathu maidir le Beartas Comharsanachta na hEorpa.

15. Caithfear riar atógáil agus athnuachan a ngeilleagar a thabhairt do na tíortha seo. Tá fíorthábhacht ag baint leis an bhforbairt eacnamaíoch agus le poist a bheith ar fáil, go mór mór don dream óg, má tá fód le cur faoin daonlathas. Ba cheart don Chomhairle aontú gan mhoill leis na tograí atá ar feitheamh le haghaidh rialacha pan-Eora-Mheánmhara maidir le tionscnamh, agus iarrtar ar an gCoimisiún tograí a thíolacadh i dtaobh modhanna eile chun an trádáil agus an infheistíocht dhíreach eachtrach a fheabhsú sa réigiún sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Tá sé práinneach chomh maith earnáil na turasóireachta sa réigiún a athbheochan. Ba cheart don Chomhairle na tograí ón gCoimisiún maidir le hathshreabha an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI) a bhreithniú go sciobtha agus féachaint an bhféadfaí cur le hacmhainn tacaíochta airgeadais fhoriomlán an BEI. Tá comhordú le hinstitiúidí airgeadais idirnáisiúnta eile tábhachtach.

16. Anois agus an iomaí ceacht foghlamtha ag an Aontas Eorpach ón méid atá tarlaithe, tá sé faoi réir freisin le breathnú an athuair ar mhisin an Aontais i réigiún na Meánmhara, agus é de chuspóir aige an daonlathas a chur chun cinn agus an chobhsaíocht a chothú sa réigiún. Ba cheart anois leagan isteach ar bhearta sonracha agus ar thionscadail shonracha ionas go neartófar na hinstitiúidí daonlathacha agus an tsaoirse tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear rochtain gan bhac ar an idirlíon, ionas go dtreiseofar na sochaithe sibhialta, go dtacófar leis an ngeilleagar, go laghdófar an bhochtaineacht agus go ndíreofar ar an éagóir shóisialta.

17. Tá a fhios ag an Aontas Eorpach go bhfuil éifeachtaí níos leithne polaitíochta agus eacnamaíocha ag na heachtraí seo ar an réigiún níos leithne agus iarrann sé go gcuirfidh Próiseas Síochána an Mheán-Oirthir ar bun arís.